*Eagrán 61* *Nollaig 2018*

# Guth Ghoill




## Beannachtaí na Nollag



Ceolchoirm Nollag le Scoil Naomh Bríd

Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830 / R-phost: ceimaniar@eircom.net Facebook: Céim Aniar Teo

CLÁR

Coirneal Nan........................2
Muintir Dhonchaidh Jimmí..... 7
Féilte Dheireadh na Bliana... 19
Féile Chéim Aniar............ 22
Ruby McCloy...................... 24



# Coirnéal Nan

Lá amháin i 1980 bhí mé taobh amuigh ag tabhairt a gcuid do na cearca agus do na lachain. Lá brothallach pléisiúrtha a bhí ann ag deireadh an tSamhraidh agus bhí na ba ina luí sa chuibhreann ag athchogaint ar a suaimhneas. Lá inteacht i lár na seachtaine a bhí ann mar chonaic mé páistí ag dul na scoile. Tháinig Neil amach ag rá liom go raibh mo dheirfiúr Bríd ar an fón. Sé'n scéal a bhí aici ná go raibh bearaigh ag Johnny Tom, (sin fear céile s'aici) má bhí suim agam bearach a cheannacht. Bhí lúcháir orm sin a chluinstin mar bhí mé ag iarraidh uirthi le tamall anuas insint domh nuair a bheadh bearach nó dhó acu le díol. Búistéir a bhí i Johnny Tom agus bhí a fhios agam go raibh an chuid ab fhearr d'ainmhithe aige i gcónaí. D'inis mé do Bhríd go mbeinn siar chomh luath agus a gheobhainn fear inteacht le tréiléar le gabháil liom.

Labhair mé le Mánas Mhícheáil agus dúirt seisean go rachadh sé siar liom ar an Domhnach gan buaireamh ar bith. 'Sé'n t-aon rud a bhí ag cur isteach orm ansin ná m'fhear céile fhéin, Neil. Bhí seisean ar mire le gabháil linn. Chan ea go

raibh suim mhór aige sna bearaigh ach gur deis a bhí ann pub crawl a dhéanamh ar an bhealach na bhaile dúinn. "A Neil," a dúirt mé leis, "ní bheidh a leithéid de rud ann is ólachán ar an turas seo. Rachaidh mise siar, ceannóidh mé bearach nó dhó agus tiocfaidh muid aniar arís díreach. Fan thusa sa bhaile agus thig leat an dinnéar a bheith réidh dúinn tráthnóna." 'Dinnéar mo thóin', arsa Neil. 'Cha bhíonn a leithéid de rud is ocras oraibh i ndiaidh daoibh Gaoth Dobhair a fhágáil'. Bhí a fhios agam go raibh an ceart aige mar bhí neart daoine muinteartha agamsa i nGaoth Dobhair agus iad breá flaithiúil nuair a rachfá isteach chucu.



Cibé ar bith bhí muid ag argóint linn anonn is anall nuair a landáil Mánas fá mo choinne ina chortina gorm is é ag tarraing tréiléir. Dúirt mé le Neil, "beidh muid sa bhaile roimh an tráthnóna agus rachaidh muid siar tigh Antón Mhicí ansin." Shocraigh sin é ach bhí sé ina sheasamh ar an tsráid mar a bheadh tachrán caillte ann is muid ag tarraingt ar shiúl.

'Sé'n chéad rud a rinne Mánas ansin ná a dhul suas 'na Muirleoige agus Neidí Húdaí a phiocadh suas. Bhí dúil mhór agam fhéin i Neidí mar is fear iontach deas a bhí ann ach bhí mé ag rá liom fhéin go raibh mo chuid oibre leagtha amach domh an bheirt seo a fháil 'na bhaile roimh an tráthnóna.

Le scéal fada a dhéanamh gairid cheannaigh mé triúr de na bearaigh agus chuir muid iad ar an tréiléar. Thug Bríd an tae dúinn ansin agus thug Johnny Tom gloine mhór uisce beatha don bheirt a bhí liom.

Tharla an rud céanna i gcúpla teach eile ar bhuail muid isteach iontu, ach sa deireadh bhuail muid an bóthar.

Mhol mise do Mhánas gabháil amach bealach chúl an Earagail ach bhí seisean ag rá nach raibh an bealach maith go leor.

Bhí a fhios agamsa go maith cad é a bhí ar intinn Mhánais.

Cha deachaigh muid dhá mhíle go dtí go raibh an chéad stopadh againn, sin teach Thomáis Bhig sna Doire Beaga. Dé Domhnaigh a bhí ann is bhí baicle mhaith fear istigh ann, neart acu muinteartha domh fhéin agus bhí an craic maith. Sa deireadh thiar thall fuair mé an bheirt acu amach agus thug muid aghaidh ar an bhaile. Dúirt mé liom fhéin go mbeadhas muid sa bhaile luath go leor. Nach soineanta a bhí mé!



Chuaigh muid fríd Ghort a' Choirce gan buaireamh ar bith ach ansin dúirt Neidí go mbeadh sé deas buaileadh isteach sa Gweedore Bar ar an Fhál Carrach. Cha raibh deacracht ar bith aige Mánas a mhealladh sin a dhéanamh. Isteach linn agus arís bhí slua istigh romhainn agus cuireadh fáilte romhainn, bhí aithne mhaith ag Mánas ar léar acu fosta. Shocraigh muid síos agus thosaigh an comhrá is na scéalta is na bréaga is an greann agus char mhothaigh muid an t-am ag dul thart.

Cha raibh deifre ar bith ar an bheirt a bhí liom agus cé go raibh mé fhéin ag baint sult as an chuideachta bhí mé ag éirí rud beag míchompordach. Bhí a fhios agamsa go raibh Neil sa bhaile agus é ag feitheamh orainn. 'Sé Neidí a dúirt sa deireadh, "an bhfuil a fhios agat cad é a dhéanas muid, a Mhánais? Fágfaidh muid na bearaigh thíos i nDún Dúbháin agus beidh Neil linn siar go teach Anton Mhicí." D'aontaigh Mánas le sin, buíochas do Dhia, agus d'fhág muid slán le lucht an bharra. Nuair a tháinig muid amach as an teach tábhairne bhí ocras orainn agus chuaigh muid isteach fá choinne chips. Thug muid fá deara go raibh baicle de bhoic óga ag knocáil thart ach cha dtug muid aird ar bith orthu. Nuair a bhí an bhuaidh faighte againn ar an fhear ghorta shuigh muid isteach sa chortina ghorm agus bhí tiúin mhaith orainn uilig. Bhí achan gháire asainn is muid ag caint fá chúrsaí an lae.

Bhí muid ag dul soir ar phríomhshráid an Fhál Carraigh nuair a thug Mánas fá deara go raibh rud inteacht nach raibh i gceart leis an tréiléar. Tharraing sé isteach in aice le teach an phobail is chuaigh sé amach ag amharc thart. Chuir me fhéin síos an fhuinneog agus d'fhiafraigh mé dó an raibh achan rud i gceart? "Arú, a Nan," a dúirt sé, "thóg na boic óga sin an tréiléar den ball-hitch. Is é'n 'safety chain' a bhí ag tarraingt an tréiléir." Chóirigh sé sin agus d'amharc sé thart.

An chéad rud eile chuala mé é ag rá, "Ó Lorda, cad é seo?" Tháinig sé ar ais agus thóg sé tóirse amach as an chortina. "Cad é atá ciotach, a Mhánais,?" a dúirt mé fhéin.

Cha dtug sé freagra ar bith ar feadh tamaill ach sa deireadh dúirt sé, "A Nan, cá mhéad bearach a cheannaigh tú?" Bhail, chaill mé m'anáil ar feadh soicind. Bhí a fhios agam nach mbeadh seo maith. "Triúr," a dúirt mé is mo chroí i mo



bhéal.

“Bhail,” arsa Mánas, “D’oscail na boic (chan boic a dúirt sé ach níl dóigh ar bith a chuirfí na mionnaí móra a d’úsáid sé i nGuth Ghoill) sin doras an tréiléir agus níl ach dhá bhearach istigh anseo anois.”  “Bhail scrios Dé ar sin, a Mhánais,” arsa mé fhéin go feargach agus tuilleadh mionnaí móra uaim fhéin mar chan sásta a bhí mé. “Cad é anois?” a dúirt mé.  “Níl a dhath fá na choinne ach dul siar an bealach arís, “ arsa Mánas, agus thiontaigh muid thart.  Cha raibh an tiúin rómhaith linn anois caithfidh mé a rá.  Le scéal fada a dhéanamh gairid, cha raibh an bearach le feiceáil thall nó abhus agus landáil muid sa bhaile thart fán haon a chlog ar maidin.  Níl feidhm orm insint daoibh fá cad é’n cineál pus a bhí ar Neil.  Chan amháin go raibh bearach caillte againn ach chan fhuair seisean a oíche Dhomhnaigh tigh Mhicí.

Lá arna mhárach chuir Mánas fear óg s’aige isteach sa tsiopa i gCarraig Airt agus chuaigh sé siar chuig an bheairic.  Mhínigh sé an scéal don sáirsint.  Thosaigh an sáirsint ag gáire.  Duffy a bhí air agus dúirt sé le Mánas, “bad crowd over there.” Dúirt Mánas leisean, “you can get a bad crowd anywhere,” agus d’imigh sé leis síos go teach Phat Ned.  Bhí Pat ina shuí ag an tábla agus béile maith roimhe nuair a shiúl Mánas isteach.  Bhí Pat ag an am ina gharda ar an Bhun Beag i nGaoth Dobhair agus d’inis Mánas an scéal uilig dó.

‘Arú, a Mhánais’ arsa Pat go feargach, “caidé’n sórt siúl a bhí ort tráthnóna Dé Domhnaigh ag gabháil thart ag ceannacht ainmhithe is ansin tú amach is isteach sna tithe tábhairne’? Mar sin fhéin thóg Pat an fón ansin agus chuir sé scairt ar fear inteacht a raibh aithne aige air i Raidió na Gaeltachta agus d’inis sé an scéal dó.  Chuir an raidió amach scéala fán bhearach lom díreach.  San am chéanna bhí Bríd ag iarraidh ormsa a dhul ar an raidió agus an scéal a chur amach beo rud a rinne mé, agus leoga chuala mé go raibh spórt ar dóigh ar an chlár nuair a chuala daoine an scéal.

Cibé ar bith, landáil Pat thuas le Mánas  sa tsiopa taobh istigh de leath-uair le hainm agus seoladh an fhir a raibh an bearach ina chuibhreann aige taobh amuigh den Fhál Carrach.  Fairplay do Mhánas tháinig sé anuas fá mo choinne agus d’imigh muid linn; cha raibh Neidí linn an t-am seo. Phioc muid suas an bearach agus bhí mé iontach buíoch don fhear a chuir í isteach ina chuibhreann.




Shílfeá anois gur sin deireadh an scéil ach ní hamhlaidh a bhí. Bhí ar Mhánas a dhul isteach go dtí an Fhál Carrach fá choinne rud inteacht agus chríochnaigh muid suas sa Gweedore Bar arís.

Bhí baicle istigh is iad uilig ag caint fán bhearach a cailleadh nuair a shiúl an bheirt againne isteach. Tá a fhios agaibh fhéin an cineál fáilte a cuireadh romhainn. Ba 'celebrities' a bhí ionainne fán am sin. Bhí achan fhear acu ag iarraidh an bearach cáiliúil seo a fheiceáil agus amach leis an scaifte is iad uilig ina seasamh thart ag amharc isteach sa tréiléar.

Nuair a shocraigh rudaí síos agus muid ar ais sa bharra chuala Mánas fear darbh ainm John Brogan (d'oibrigh Mánas leis i London) ag caint le fear eile fá ainmhí a cheannacht. "An bhfuil tú ag iarraidh ainmhí a cheannacht," arsa Mánas leis. "Tá," arsa John, "Bhail," arsa Mánas, "díolfaidh mise an bearach sin sa tréiléar amuigh leat." Chuaigh John amach ag amharc ar an bhearach is tháinig sé isteach is é breá sásta í a cheannacht.

Dúirt Mánas liomsa i gcogar, "fuist thusa, a Nan, déanfaidh mise an chaint. Nuair nach deachaigh sí 'na bhaile leat aréir tá sé go réidh agat ligint di fanacht fán taobh seo tíre."


Agus sin an rud a rinne mé. Fuair Mánas luach maith ar an bhearach agus landáil mé sa bhaile gan í, don darna uair!

Bhí an bearach sin ag John Brogan go dtí go raibh sí ina seanbhó, cúig na sé bliana déag d'aois.

Nach ait an mac an saol.



# Muintir Dhonchaidh Jimmí



O chlé: Máthair Jimmy, a dheirfiúr Máire, Jimmy é fhéin agus a athair Donchaidh.

Tá muid ar ais i nDumhaigh do eagrán na Nollag. Chonacthas domh i gcónaí go raibh cineál de dhraíocht ag baint leis an bhaile fearainn seo ar chladach na farraige móire. Nuair a shroich tú barr mhalaigh Bhidí bhí an radharc a nocht os do chomhair macasamhail mar a bheadh Tír na nÓg ann- an Fharraige Mhór, an Cnoc Mór, Carra'Ghoill agus na tithe aoldaite bána faoi scáth an Chnoic Mhóir. Cha raibh iomrá ar bith ar Oisín a bheith fán áit ach leoga bhí corr dhuine fá Dhumhaigh a mheas gur de bhunadh Fhionn Mhic Cumhaill iad!! Ach is cinnte go bhfuil Dumhaigh anois mar a bhí Oisín i ndiaidh na Féinne, an tseanmhuintir agus an saol a bhí acu ag coraíocht le cuibhrinn chreagacha is le tonnta tréana ag imeacht as cuimhne. Dúirt Sarah Mhícheáil liom, bean a rugadh agus a tógadh i nDumhaigh agus a rinne a céad bliain a cheiliúradh i mí Iúil na bliana seo, go gcuireann sé cumhaigh uirthi anois a dhul thart le Dumhaigh agus an anchuma atá ar chuid den bhaile anois le taobh mar bhí sé.

Thug mé cuairt ar Dhumhaigh le linn an tSamhraidh i mbliana agus chaith mé traidhfil tráthnónta iontach taitneamhacha istigh ag fear eile de bhunadh Dhumhcha, fear a rugadh agus a tógadh ar an bhaile, sin Jimmí Dhonchaidh Jimmí. Thug Jimmí mé ar thuras siar fríd a bhunadh agus a chuimhní—Muintir Dhonchaidh Jimmí Mac Giolla Bhríde ab ea a bhunadh ar thaobh a athar agus muintir Johndy Mhic Laifeartaigh ar thaobh a mháthrach.

## Jimmí Mac Giolla Bhríde.

Jimmí Mac Giolla Bhríde a bhí ar athair mór Jimmí fosta agus rugadh é timpeall na bliana 1866. Phós sé **Máire Ginn Ní Shiaidhail** as Dumhaigh sa bhliain 1890 agus bhí ceathrar clainne acu – Donchadh 1893, Micí 1895, Muiris 1900 agus John ( Nonni).

Bhí **Donchadh Jimmí**, sin athair Jimmí pósta ar **Bhidí Nic Laifeartaigh nó Bidí Neidí** mar ab fhearr aithne uirthi. Triúr clainne a bhí acu – Jimmí, Máire agus Edward.


Bella (Aintín), Jimmy ina pháiste, Bidí (Máthair), Annie (Aintín), Máire ina páiste agus Máire (Aintín).

Bhí **Micí** pósta ar **Shorcha Ní Dhochartaigh** (deirfiúr le James Antoin a' Dochartaigh) as Baile na Deora agus bhí triúr clainne acu – Muiris, Máire agus Nóra. Fuair Sorcha bás óg.

Bhí **Muiris** ina gharda i dTamhnach Talaimh agus bhí sé pósta ansin ar bhean as Port Nua de shloinneadh **Mhic Giolla Uain**. Bhí seachtar clainne ar fad acu, seisear níonach agus mac amháin. Bhí aithne mhaith ar dhuine de na girseachaí fan cheantar seo, 'sé sin Máire, mar gur chaith sí tréimhse fada ag teagasc i Scoil an Chraoslaigh.

Bhí **John nó Nonni** mar a thugtaí air pósta ar an Chorrach ar **Mháire Nic Pháidín (Máire Mhaghnais Sheáin)** agus bhí cúigear clainne acu – Donchadh, Pádraig, Jimmí, Micí agus Máire.

## Bidí Neidí.

Ba seo máthair Jimmí. Bhí sí ina iníon ag Neidí Johndy, (athair mór Jimmí) teaghlach a raibh cónaí orthu i nDumhaigh fosta, tá an teach ansin go fóill thuas ar thaobh do láimhe deise i ndiaidh duit a dhul síos Malaigh 'n Droime.

**Johndy Mac Laifeartaigh**, a rugadh timpeall na bliana 1822 a bhí ina shin shean athair ag Jimmí ar thaobh a mháthrach. Bhí Johndy pósta ar **Bhelle Nic Giolla Choinnigh** as Oileán a' Bhráighe agus bhí seisear clainne acu ach fuair duine acu bás óg. Bhí Pádraig, Frank, Peter, Neidí (1861) agus William (1871). Chaith Frank agus Peter a saolta i Perth na hAstráile.

Bhí Frank ag obair ar fheirm san Astráil agus tráthnóna amháin i ndiaidh dó an lá a chaitheamh ag treabhadh le dhá bheathach thug sé a aghaidh ar an bhaile. Bhí sé ag marcaíocht ar cheann acu agus shocraigh se na beithigh a thabhairt isteach i loch uisce leis an chúr allais a ní dóibh ach cibé cliseadh a baineadh as an bheathach a raibh sé uirthi caitheadh Frank thar mhullach a chinn isteach sa loch agus báitheadh é. Bhí Peter pósta amuigh i Perth agus bhí iníon aige sna mná rialta.

Cha raibh Pádraig ná William pósta agus chaith William a shaol fá Dhumhaigh. Fuair sé bás sa bhliain 1957. Bhí Pádraig fán bhaile de réir daonáirimh na bliana 1911, cha raibh sé pósta san am sin, cé acu pósadh é ina dhiaidh sin níl muid cinnte.



O chlé: John Mhícheáil (Mac Phaidín) Edward (deartháir Jimmy), John Ewebank (Mac le Hannah Mhícheál) agus Jimmy.

Phós **Neidí Johndy**, sin athair mór Jimmí, **Máire Mharcais Nic Laifeartaigh** as an Bhaile Úr thart fan bhliain 1885.Bhí seachtar clainne acu, seisear girseach agus mac amháin ach fuair an mac **John** bás óg. Bhí **Bella** (1886), **Kate** (1888), **Máire** (1890), **Anna** (1892), **Bidí** (1897) agus **Gráinne.** Cha raibh Bella ná Máire pósta. Bhí Kate pósta ar fhear as Tír Eogain a raibh Eoin Kelly air, Anna pósta ar Phil Padden as Muigheó agus Gráinne pósta ar Jim Slevin.

Chuaigh an chlann uilig go Meiriceá ach tháinig Máire agus Bella ʻna bhaile i ndiaidh traidhfil de bhlianta agus bhí siad beo le William sa teach inár tógadh iad  i nDumhaigh. Chuaigh Bidí go Meiriceá sa bhliain 1929 agus chaith sí trí bliana thall agus ar theacht ʻna bhaile díthe phós sí Donchadh Jimmí.

## Donchadh Jimmí agus Bidí Neidí.

Mar a luaigh mé cheana fhéin ba triúr de chlann a bhí acu – Jimmí a rugadh i Mí na Nollag 1933, a dheirfiúr Máire a rugadh sa bhliain 1936  agus an duine ab óige Edward a rugadh i mí Meán Fómhair na bliana 1939.

Bhí a mhacasamhail de shaol ag Donchadh agus Bidí agus a bhí ag lanúineacha eile fán cheantar seo, cha raibh fostaíocht ar bith gurb fhiú trácht air agus mar sin de thug siad a mbeatha i dtír ar screabáin agus ar an fharraige mhór.

Ag dul siar ceithre fichid bliain ó shin, nuair a bhí Jimmí ag fás suas, bhí bunadh na háite ábalta theacht i dtír ar thoradh an talaimh-- prátaí agus glasraí; thug an bhó bainne agus im agus na cearca uibheacha agus feoil agus thug an fharraige agus an cladach uafa go flúirseach, éisc agus sliogéisc.

Bhí trí bhó acu a choinnigh bainne leofa agus ansin ag amanna áirithe dhéanfaí an bainne a bhualadh agus thug seo im dóibh, im baile a thugtaí air. Leoga cha raibh mórán taitnimh ná meas ag cuid mhaith den ghlún a tháinig ina dhiaidh sin ar im baile agus tosaíodh ar úsáid níos fairsinge a bhaint as im siopa. Bhí muca ag muintir Jimmí fosta, dhéanfaí iad a reamhrú agus ansin dhíolfaí na muca leis an mhonarchan. Dar ndóigh lena chois sin uilig bhí cearca agus turcaithe



Ag obair le féar: Donchadh Jimmí ar an chruach agus a dheartháir Muiris ag bun.

acu fosta. Bhí Mick Kiely as Carraig Airt ag dul thart le vaein siopa agus d'úsáidfí uibheacha na gcearc le díol as mála plúr. Dhíolfaí na turcaithe ag an Nollaig.

Cha raibh anás ar bith bidh fa Dhumhaigh. Bhí bairille mór de scadáin shaillte i gcónaí ag muintir Aindí Hughie agus iad a ndíol sa tsiopa. Rinneadh cuid mhór iascaireachta sna curacha agus cha raibh teach fan áit nach mbíodh sreangán trasna faoin mhaide mullaigh agus éisc tirim crochta uaidh.

## Iascaireacht.

Bhíodh a athair ag iascaireacht gliomach, corruair le Charlie Mór (Charlie John Fhearghail) agus corruair eile le Mánaigh Mhícheáil (Mac Pháidín). Ba ghnách leo cléibh ghliomaigh a dhéanamh le linn an Gheimhridh nuair nach mbíodh mórán eile le déanamh. Bhí airgead le déanamh ar na gliomaigh mar go raibh siad breá fairsing ag an am. Ba ghnách leo na gliomaigh a dhíol le Hughie Óg (Mac Giolla Bhríde). Bhí lá amháin a raibh Charlie Mór ar shiúl agus d'imigh Donchadh é fhéin amach le cléibh ghliomaigh a thógáil. Bhí sé amuigh fá Charra' Dhubh agus cibé dóigh ar sheas sé suas sa churach chuir sé a shál frighe agus thosaigh an t-uisce a theacht isteach. Bhain Donchadh de a bhairéad agus dhing é isteach sa pholl. Choinnigh a bhairéad amuigh an t-uisce agus choinnigh sé Donchadh slán sábháilte gur rith sé a churach isteach ar an chladach.

## Skiff Inis Bó Finne.

D'imigh Donchadh Jimmí, Charlie Mór, Paidí Eoin (Mac Giolla Chearra) agus Aindí Hughie (Ó Gallchóir), amach go Inis Bó Finne sa bhliain 1946 le skiff a cheannacht. Ba seo bádaí seoil a bhí tuairim is ocht dtroigh is fiche ar fhad agus bhí rámhaí leo fosta. Bhí tráthnóna cruaidh ann agus iad ag fágáil Inis Bó Finne agus chomhairligh bunadh an oileáin dóbhtha fanacht go maidin. Rinneadh neamhaird den chomhairle agus thug siad aghaidh ar an fharraige mhór ach d'éirigh an tráthnóna níos gairbhe agus shocraigh siad a dhul ar an fhoscadh áit éigin ar chúl an Chorráin. Chuaigh siad isteach fán tír agus isteach leofa sa chéad teach a casadh orthu. Rinne siad a gcás a mhíniú do bhean a' tí agus d'fhiafraigh sí dóbhtha ar mhaith leo greim le hithe. Ba seo i ndiaidh an

chogaidh agus cha raibh rudaí chomh fairsing sin ag an am. Dúirt sí leofa go gcuirfeadh sí síos cúpla ubh dóbhtha agus is cosúil gur fhiafraigh sí d'achan fhear acu cé mhéid ubh a bhí a dhíobháil orthu. Is dócha nach raibh na fir ag iarraidh a bheith ag cur isteach barraíocht ar an bhean bhocht agus dúirt achan fhear go mbeadh ubh amháin aige ach nuair a cuireadh ceist ar Phaidí Eoin d'iarr sé uirthí sé ubh a bhruith dó. Nach aige a bhí an goile!!

I ndiaidh do Phaidí Eoin imeacht go hAlbain agus do Aindí Hughie imeacht go Meiriceá díoladh an skiff arís.

## An Chlann.

Cha raibh Donchadh Jimmí ach dhá bhliain os cionn na trí fichid nuair a fuair sé bás sa bhliain 1957.

D'imigh a iníon, **Máire,** go Meiriceá an bhliain ina dhiaidh sin. Bhí cónaí uirthi i gceantar a bhí tuairim is deich míle taobh amuigh de Philadelphia agus chaith sí chóir a bheith fiche bliain ansin cé gur ghnách léíthe corr ruaig a thabhairt anall na bhaile. Sa bhliain 1977 tháinig sí le fanacht agus le cónaí a dhéanamh sa teach i nDumhaigh inár rugadh í. Fuair Máire bás sa bhliain 2001.

Sa bhliain 1959 d'imigh Bidí Neidí agus a mac Edward go Meiriceá fosta. Chaith Bidí tréimhse i Meiriceá sular pósadh í, rud a d'fhág go raibh aithne mhaith aici ar an tír agus dár ndóigh bhí cuid dá cuid deirfiúracha thall fosta. Ba seo chéad turas Edward go Meiriceá, bhí sé naoi mbliana déag. Ba ghnách le Bidí Neidí a theacht 'na bhaile ar cuairt anois agus arís agus sa bhliain '67 nuair a tháinig sí anall d'fhan sí sa bhaile.

Chaith Edward a shaol i Meiriceá agus thaitin an tír go mór leis. Ba ghnách leis ruaig a thabhairt 'na bhaile in amanna agus nuair a d'éirigh sé as a chuid oibre ba ghnách leis a theacht anall 'na bhaile achan Samhradh agus chaithfeadh sé mí fán bhaile. Ach ar an drochuair fuair sé leukaemia agus fuair sé bás sa bhliain 2013.

## Jimmí ar an Scoil.

Ba Jimmí an duine ba sine den chlann agus tá a intleacht ghéar agus a chuimhní soiléir ar laethanta a óige agus an

Teach Mhuintír Dhonchaid Jimmí i nDubhaigh



saol a bhí aige ag éirí aníos i nDumhaigh. Tá cuimhne mhaith ag Jimmí ar an mhuintir uilig a chuaigh na scoile as Dumhaigh agus as an Ard Bhán lena linn fhéin. Bhí muintir Hughie Mhánais – Hughie, Paidí, Sophie agus Bidí; Bidí Hughie Den agus colceathair léi a bhí ag stopadh leo as Albain, Aeneas Mc Auley; Micí Dowdie; Pádraig Mhuintir Enda; John agus Paidí Tarry; Jimmí agus Nellie John Phaidí; Clann Uí Chanainn – John, Charlie agus Joe; Dympna agus Finola Hudaí; Muintir Nochaí Bhrianaí Chonchúir; Chéarlaí Duffy; Freddie Sweeney (duine de bhunadh John Fhearghail as Baile na nGallóglach) agus Dinis agus Gráinne Tarry.

Ina rang fhéin ar an scoil bhí Chéarlaí Den Antoin (Ó Gallchóir), Fenny A' Canainn, Josephine Nóra Bhoy (Ní Ghallchóir), Nóra Nead (Ní Bhuaidhe) agus é fhéin. Ba Miss Mc Gill an chéad mhúinteoir a bhí aige ar an scoil agus nach í a bhí breá géar leis an bhata, go háirithe ag am Teagasc Críostaí! Nuair a bhí sé i rang 7 thosaigh sé ag ullmhú don 'exam', ba seo scrúdú scoláireachta dara leibhéal agus d'éirigh leis scoláireacht a fháil go Coláiste Éinde i nGaillimh. Fuair beirt eile an scoláireacht ina chuideachta – John Faoin Bhinn ( Mac Giolla Bhríde) agus Josephine Nóra Bhoy (Ní Ghallchóir). Fuair Ruaidhrí Sophie Logue ( Ó Gallchóir) scoláireacht an bhliain roimhe sin agus bhí Micheál 'Ac Aodha bliain roimhe fosta.

Cé gur chaith Jimmí páirt mhaith dá shaol sa seomra ranga cha dtiocfadh leis a rá go raibh dúil mhór aige sa scoil mar scoláire ach bhí dúil mhór aige sa pheil agus d'imríodh siad peil i gcónaí ag am lóin. Bhíodh Jack ( Mac Pháidín) amuigh ag am lóin i gcónaí á n-eagrú. Ba ghnách leo cluichí a imirt in éadan Scoil Charraig Airt corruair, ba Jack a dhéanfadh na cluichí seo a eagrú fosta agus ba ghnách iad a imirt thuas ar an léana sin os comhair tigh Aindí Phádraig ( Mac Pháidín). Shiúlfadh siad suas go Carraig Airt i ndiaidh am scoile agus i gcás Jimmí bhí air siúl as Dumhaigh, seo i ndiaidh dó siúl 'na bhaile ón scoil. A Dhia!

Coláite Éinde



Nach páistí an lae inniu atá millte i gceart. Ba chuimhin leis a bheith mall tráthnóna amháin agus bhí an mhuintir eile imithe as na Dúnaibh, rith sé rith a' bhealaigh go Carraig Airt. Cuireadh isteach ar an pháirc é agus Carraig Airt 'un tosaigh agus cha raibh sé i bhfad ar an pháirc go raibh cúpla cúl faighte aige, agus chur seo deireadh le cuid iarrachtaí Charraig Airt.

D'eagraigh Jack iománaíocht sa scoil fosta agus ba ghnách leo í a imirt sna Dúnaibh. Mhair an iomanaíocht ar feadh bliain nó dhó.

Mhair a ghrá don pheil ar feadh a shaoil, agus d'imir sé peil sna Dúnaibh agus i gCo an Chábháin go dtí gur bheir an aois air.

## An Turas go Gaillimh 1948.

Mar a luaigh muid fuair Jimmí scoláireacht go Coláiste Éinde i nGaillimh. Bhí an turas go Gaillimh sna daicheadaí thar a bheith casta agus cha raibh an córas iompair poiblí mar atá sé inniu. D'fhág sé fhéin agus John ( Faoin Bhinn) na Dúnaibh ar an chéad bhus mí Mheán an Fhómhair 1948; bhí a máithreacha leo, Bidí Neidí agus Sissie Faoin Bhinn, le iad a thionlacan chomh fada le Bealach Féich. Dar ndóigh b'éigean dóibh athrú ag Leitir Ceanainn agus bus eile a fháil go Bealach Féich. Bhí Neil Bhídí Rua ar an bhus fosta, bhí sé ag dul síos go Gaillimh le dhul a iascaireacht. I ndiaidh dóbhtha slán a fhágáil ag a máithreacha i mBealach Féich fuair siad bus eile ansin a thug iad go Sligeach. Bhí orthu an oíche a chaitheamh i Sligeach agus an traein a fháil maidin lá arna mhárach a bhéarfadh iad go Gaillimh. Fuair siad lóistín i Sligeach sa North Western Hotel, cha raibh Jimmí cinnte cé mhéad 'réalt' a bhí ag an Óstán seo ach fuair siad oíche mhaith chodlata agus bricfeasta maith ar maidin. Thug siad aghaidh ar Ghaillimh maidin lá arna mhárach ar an traein.

## An Saol i gColáiste Éinde.

Ba é an chéad deacracht a bhí ag mic léinn I gColáiste Éinde i dtús báire ná go raibh orthu a dhul i dtaithí ar chanúintí eile agus ghlac seo tréimhse ama. Ach tráthnóna amháín sa seomra bidh go luath ina shaol meánscoile d'fhoghlaim Jimmí ceacht faoi chanúintí a d'fhág é ar a airdeall as sin ar aghaidh. Caithfear cuimhne gur seo am i ndiaidh an chogaidh a raibh rudaí i gcónaí gann agus rannta go cúramach agus bhí seo fíor faoin arán i gColáiste Éinde ag an am a bhfuil muid ag trácht air. Ba ghnách leo píosa d'arán cearnóige a fháil lena gcuid té agus ball ime. Ghearrfadh achan ghasúr slios dá phíosa cearnóige aráin de réir mar a bhí sé a dhíth air. Bhí stócach beag as Conamara trasna an tábla uaidh Jimmí le linn am bidh. Bhí píosa measartha den arán fágtha ag Jimmí tráthnóna amháin agus chuir mo dhuine ceist air: 'Bhfuil sin ag teastáil uaitse' (' Bhfuil sin a dhíth ortsa' a déarfaí thart anseo). Char chuala Jimmí an focal 'ag teastáil' ari-

amh agus chroith sé a cheann leis an ghasúr eile le tabhairt le fios dó nár thuig sé cad é bhí sé a' rá. Nuair a chonaic gasúr Chonamara Jimmí ag croitheadh a cheann go diúltach ghlac sé leis nach raibh an t-arán a dhíth air agus bhí an t-arán sciobtha leis amach de phláta Jimmí I bhfaiteadh na súl. Bhí sé thíos ina chraos aige sula bhfuair Jimmí deis a mhalairt a chur ina luí air. Char tharla sin arístl Cha raibh an biadh maith na blianta a raibh sé ansin agus nuair a thiocfadh sé cóngarach don Samhradh bhíodh na prátaí lán péisteog! Mar bharr ar an donas ba ghnách leo gloine mór 'Ebsom Salts' a fháil uair sa mhí ag am bricfeasta agus ba ghnách le sagart a dhul thart lena chinntiú go n-ólfadh achan fhear a ghloinne. Ba é an tAth Pádraig Ó Laoi, fear a raibh an leasainm 'Gobby' air a bhí ar dualgas bunús an ama, fear a mbeadh scéal an lae le feiceáil ina ghnúis agus strapa leathair ina phóca nach bhfuair mórán de scíste.


Chuir Jimmí isteach a chuid blianta I gColáiste Éinde comh maith agus thiocfadh leis agus is cinnte go raibh an pheil ina chuidiú mór aige agus chan amháin gur imir sé peil don choláiste ach d'imir sé iománaíocht chomh maith.

Rinne sé an tArd Teist sa bhliain 1952 agus ó Choláiste Éinde thug sé aghaidh ar Choláiste Phádraig i mBaile Átha Cliath.

## Ina Mhúinteoir.

I ndiaidh dó dhá bhliain a chaitheamh i gColáiste Phádraig áit ar cuireadh oiliúint air don mhúinteoireacht cháiligh Jimmí mar mhúinteoir sa bhliain 1954. Ach le linn na mblianta sin thiocfadh leat a bheith ag fanacht fada go leor sula bhfaighfeá post i scoil. Bhí Jimmí sa bhaile do shaoire an tSamhraidh ach bhí deacrachtaí aige post a fháil agus de thairbhe sin de shocraigh Jimmí a dhul ag obair leis an Bhord Soláthar Leictreachais ( ESB). Ba seo na blianta a rabhthar ag cur isteach an leictreachas ar fud na tíre.

Bhí na hoibrithe a bhí leis an ESB ag an am sin rannta ina thrí fhoireann oibre– fir ag baint na bpoll, fir a chur suas na pollaí agus iadsan a bhí ag obair ar na línte. Fuair Jimmí post ar na línte agus bhí sé ag baint sásamh ar dóigh as go dtí an mhaidin Shathairn sin agus é ag obair in Achadh dá Chor a deachaigh a dheartháir Edward siar aige le litir. 'Sé an scéala a bhí sa litir ná go


An Mhuinchille

raibh post faighte aige i Scoil Bhaile Shéamais Dhuibh ( Ballyjamesduff) i gCo. An Chábháin agus go gcaithfeadh sé a bheith ansin maidin Dé Luain. Cha raibh am ar bith le cur amogha. Dár ndóigh ba seo baile a raibh cáil air de thairbhe an amhráin a scríobh Percy French – ‘ Come Back Paddy Reilly…’

## Baile Shéamuis Dhuibh/An Mhuinchille.

Fuair Jimmí an bus go Leitir Ceanainn agus tram as sin go dtí an tSraith Bháin. Bhí an tram macasamhail bus ach thaisteal sé ar na ráillí, carráiste amháin a bhí ann. Fuair sé traein ansin ón tSrath Bán go Port a’ Dúnáin. B’éigean dó athrú arís ansin agus traein eile a fháil a thug é go baile an Chábháin. Bhí sé mall go maith sa tráthnóna nuair a fuair sé isteach go dtí an Chábhán agus bhí an mhíle dhéag aige le cur de go fóill go Baile Shéamuis Dhuibh. Cha raibh aithne aige ar dhuine ar bith ach fuair sé fear le é a thiomáint go ceann scríbe. Fuair sé amach ansin cá raibh cónaí ar phríomhoide na scoile agus chuaigh sé fhad lena theach ach cha raibh sé istigh. Bhí a dheirfiúr ansin agus thug sise Jimmí go teach lóistín. Bhí Jimmí tuirseach traochta nuair a leag sé a cheann le dhul a chodladh don chéad uair i mBaile Shéamuis Dhuibh i gCo an Chabháin. Ba seo an 4ú lá de Dheireadh Fómhair 1954 agus is dócha gur bheag a shíl Jimmí an oíche sin gur ansin i gCo an Chábháin a chaithfeadh sé an chuid eile dá shaol.

Scoil dhá oide a bhí ar an bhaile agus bhí ranganna dó, trí agus ceathair ag Jimmí. Fear maith a bhí sa phríomhoide cé gur ghnách leis a dhul ar chor ‘bhinge’ in amanna ach char lig sé de seo cur isteach ar a chuid dualgas mar mhúinteoir ná mar phríomhoide.

D’fhan Jimmí sa scoil seo ar feadh seacht mbliana agus ocht mí agus ansin d’aistrigh sé go dtí an Mhuinchille (Cootehill) ar an séú lá de mhí Iúil 1962. Chaith Jimmí trí bliana agus daichead ar fad ag teagasc agus chaith sé cúig bliana déag agus fiche acu seo ar an Mhuinchille.


Baile Shéamuis Dhuibh

## Jimmí agus an Pheil.

Bhí Jimmí ag tarraingt ar ocht mbliana déag agus fiche nuair a tharraing sé air a gheansaí peile don uair dheireanach. Níl amhras ar bith ná go raibh a chroí sa pheil mar cé nach raibh sé ach thart fá chúig bliana déag nuair a bhain na Dúnaibh  Craobh Shóisir na Contae sa bhliain 1948  bhí an fhoireann a chuaigh ‘na páirce an lá sin ar bharr a theanga aige. Dar ndóigh bhí sé fhéin ar

fhoireann na nDúnaibh a chuaigh go dtí an cluiche ceannais i 1955 ach thug Erin's Hope as Bealach Féich greadadh ceart dóibh.

## Craobh Shóisir na Contae 1957.

Ach bhí a mhalairt de scéal ann dhá bhliain ina dhiaidh sin nuair a bhain na Dúnaibh Craobh Shóisir na Contae don dara uair, fuair siad lámh an uachtair ar Lámh Dearg as Leitir Ceanainn. Bhí Pól Blaney mar chúlbáire, Mick Galligan, Peadar Ó Sibhleáin (P.Stephen) agus Anton Mhicí ( Mac Giolla Bhríde) sa líne lán chúl, Jimmí Dhonchaidh Jimmí, Joe Quinn agus Charlie Kelly as Fánaid sa líne leathchúl, Liam Ó Ceallaigh agus Kevin Blaney i lár páirce, bhí Dónal Cullen, Georgie Doherty agus Anton Beag (Mac Eiteagáin) sa líne leath-thosach Tommy Cullen, John Faoin Bhinn ( Mac Giolla Bhríde) agus Mícheál 'c Aodha sa líne lán thosach. D'imir Jimmí sa líne leath-thosach sa chluiche leathcheannas in éadan Naomh Naille ach athraíodh ar ais é go dtí an líne leathchúl don chluiche ceannais, ba sna línte cosanta a bhí a rogha. Bhí an mháistreacht ag na Dúnaibh ag tús an chluiche seo agus iad ar shiúl 'un tosaigh ach gan choinne agus in achar ghoirid bhí coirnéal na heangaigh buailte ag Lámh Dearg dhá uair; is cinnte gur chaith seo an ghaoth as cuid seolta na nDúnaibh ar feadh tréimhse. Ach ansin rinne siad athruithe a bhain an cluiche dóbhtha. Chuir siad Bernie Frank (Mac Laifeartaigh) isteach mar chúlbáire agus chuir siad Pól Blaney isteach mar lánthosach agus ba é a fuair an dá chúl a chinntigh go raibh an lá leis na Dúnaibh.

## Ag Imirt Peile I gCo. An Chabháin,

D'imir Jimmí mar thosach d'fhoireann Bhaile Shéamuis Dhuibh le linn dó a bheith ag teagasc ansin. Cuireadh scéala chuige tráthnóna Sathairn amháin le linn dó a bheith sa bhaile do shaoire an tSamhraidh ag iarraidh air a bheith i mBaile Shéamuis Dhuibh an tráthnóna Domhnaigh sin. Rinne sé a bhealach go Cluain Eois an Domhnach sin áit a raibh cluiche ceannais Uladh ar siúl idir Tír Eoghain agus Doire. Fuair sé síob le réiteoir an chluiche sin amach go Baile Shéamais Dhuibh don chluiche a bhí le himirt aige an tráthnóna sin. Cluiche Sinsir i gcraobh an Chabháin a bhí ann agus chríochnaigh an cluiche ar chomhscór. Ba seo an bhliain 1957 agus ba seo craobh shinsir an Chabháin. Traidhfil míonna ina dhiaidh sin bhí Jimmí ag imirt mar leathchúlaí d'fhoireann na nDúnaibh a bhain Craobh Shóisir na Contae. Sin an dóigh a bhí an saol peile san am sin, bhí sé coitianta go leor a bheith ag imirt do chúpla foireann má bhí tú ar shiúl as baile. Chaith Jimmí bliantaí fada ag imirt d'fhoireann sinsir Mhuinchille fosta.


## Corn Mhic a' Bháird.

Cuireadh Corn Mhic a' Bháird ar bun anseo i dTuaisceart na Contae ag tús na gcaogaidí, seo in omós do Chaoimhín Mac a'Bháird a bhí ar fhoireann na nDúnaibh in '48 ach a fuair bás go tobann i 1951. Sa bhliain 1956 bhí na Dúnaibh agus Cloich Cheann Fhaola sa chluiche ceannais agus imríodh an cluiche ceannais sna Dúnaibh, ar pháirc Willie. Domhnach salach ceobháisteach a bhí ann ach bhí an bhuaidh ag na Dúnaibh. Tháinig Jimmí anuas as Baile Shéamuis Dhuibh don chluiche seo fosta. I ndiaidh an chluiche bhí Jimmí le bheith fágtha ar ais sa Chabhán sa dóigh go mbeadh sé in am don scoil maidin lá arna mhárach.

## An turas as na Dúnaibh go Baile Shéamais Dhuibh.

Socraíodh go bhfágfadh James Aindí (Ó Gallchóir) é ar ais agus chuaigh John Mhícheáíl (Mac Pháidín) agus Corny Mhuiris (Mac Giolla Bhríde) leofa. Bhí sé mall go leor sa tráthnóna nuair a d'fhág siad na Dúnaibh, i dtrátha an hocht a chlog, agus chaithfeadh do charr a bheith bondáilte san am sin dá mbeifeá ag iarraidh taisteal fríd an Tuaisceart. Cha raibh carr James bondáilte, rud a chiallaigh go raibh orthu neart mílte de chor bealaigh a chur orthu fhéin fríd Dheisceart na Contae agus isteach fríd Cho. Liatroma.

Nuair a bhí siad ag dul fríd an Bhearnas Mhór bhí sé ag teacht cóngarach d'am druid agus shocraigh James go stopfadh siad fá choinne leathcheann. San am sin cha raibh duine ar bith de na stócaigh óga ag ól agus i ndiaidh cúpla deoch


Foireann na nDúnaibh '57., Jimmí sa líne tosaigh, an dara duine ó chlé

thug siad aghaidh ar an bhealach arís. Bhí orthu a dhul fríd Bhun Dobhráin agus isteach ansin go Cionn Locha i gCo. Liatroma. Ba mhór agus ba chasta an turas a bhí ann sna blianta sin go háirithe sa dorchadas i ndúlaíocht an Gheimhridh. Má amharcann tú ar an léarscáil tchífidh tú chomh casta agus a bhí an turas seo agus cha raibh mótarbhealach ar bith sna blianta sin!!

Bhí traenacha ag reáchtáil fud fad na tire fán am sin fosta agus ba ghnách le ráillí a bheith ag dul trasna an bhealaigh mhóir ina lán áiteacha agus ag cuid mhór de na háiteacha seo cha raibh geaftaí ar bith, áit a gcaithfeá stopadh agus an traein a ligean thart. Bhí an turas ag dul go breá go dtí go deachaigh siad trasna ar cheann de na ráillí seo. Cibé a tharla, shleamhnaigh rotha an chairr ar na ráillí agus ghreamaigh sí istigh idir na ráillí. Nuair a rinneadh rudaí a scrúdú chonaic siad go raibh poll mór sa talamh idir an roth tosaigh agus an roth deiridh agus nach dtiocfaí an carr a fháil amach go líonfaí an poll sin. Go hádhúil le Dia bhí sé ag tarraingt ar an dó a chlog ar maidin agus cha raibh traenacha ar bith ag reáchtáil fán am sin den oíche. Bhí claí i ndeis dóbhtha agus líon siad an poll seo le clocha ón chlaí agus idir an brú, an dingeadh agus mionnaí móra d'éirigh leo an carr a fháil ar ais ar an bhealach mhór. Bhí sé ag tarraingt ar an trí a chlog ar maidin nuair a shroich siad ceann scríbe agus thug Jimmí na fir a bhí ina chuideachta isteach 'un tigh áit a dearn sé béile maith de bhagún agus d'uibheacha dóbhtha sula dtug siad aghaidh ar an turas 'na bhaile. Chuala sé uafa ina dhiaidh sin gur stop siad i mBun Dobhráin ar a mbealach 'na bhaile, timpeall a naoi a chlog ar maidin, fá choinne an bricfeasta a fháil!

Cé gur stad Jimmí d'imirt peile le Muinchille blianta fada ó shin char bhris sé an ceangal leis an chumann peile. Bhéarann sé ruaig thart ar thithe tabhairne Mhuinchille go fóill oíche Shathairn ag díol ticéidí lotto do chumann peile Mhuinchille. Nach dtaispeánann sin an spiorad iontach atá ann?

## Jimmí agus Eilís.

Pósadh Jimmí agus a bhean Eilís sa bhliain 1976. Tháinig Eilís ón Tulach Mór, Co. Ua Fáile ach ar an drochuair fuair Eilís bás sa bhliain 2005. Ceathrar clainne atá acu – James, Aundrey, Vanessa agus Donnacha agus lena chois sin tá seachtar garpháistí.

Tá Jimmí i mbarr a mhaitheasa agus a shláinte agus cónaí air ar an Mhuinchille ach bhéarann sé ruaig go minic ar a fhód dúchais. Fear suaimhneach séimh atá ann ach is iontach an chuideachta é mar go bhfuil seanchas den scoth ann agus é breá eolach ar eachtraí agus ar dhaoine a bhí thart sa tseanam. Guímis uilig saol fada folláin dó agus buíochas mór do as a chuimhní a rann linn.

# Féile Dheireadh na Bliana.

Tá dhá chineál cultúir ag rith leis an Nollaig in Éirinn – sean agus úr.

Ba cheannfhéile a bhí sa Nollaig sa tsean-am agus bhí cuid mhór nósanna ag baint léi. Ar nós na Samhna ba sheanfhéile í an Nollaig a rinne ceiliúradh ar na mairbh fosta agus tharla sí i dtrátha an ama a mbíonn grianstad an Gheimhridh (winter solstice) ann. Dheántaí na tithe a mhaisiú le heidhneán agus le cuileann. Ba ghnách coinneal mhór na Nollag a lasadh agus d'fhágtaí ar lasadh í ar fhuinneog na cistine. Ansin lastaí coinnle níos lú agus d'fhágtaí ar lasadh iad ar fhuinneoga eile an tí. Ba ghnách a dhul chuig an chéad Aifreann ar Lá Nollag féin agus bhíodh gé ag furmhór na ndaoine dá ndinnéar.

Bhíodh béile mór oíche Nollaig fosta nuair a bhíodh achan rud déanta agus daoine ar troscadh ar feadh an lae in áiteacha. Ba ghnách le hiasc bán a bheith ag a lán daoine sa tsean-am ach ar Lá Nollag is gé a ba ghnách a bheith ag furmhór na ndaoine.


**Feoil na Gé.**


Síleadh cuid mhór d'fheoil na gé sa tsean-am, go háirithe le linn na Nollag agus fosta le linn féiltí eile i rith na bliana. Rinneadh iarracht mhór, go háirithe i measc na mbocht, gé a bheith acu le bruith, go h-áirithe in amanna áirithe ar leith. B'amhlaidh an scéal nuair ba ghnách leis an sagart a theacht timpeall na mbailte ag éisteacht faoistine nó ag léamh an Aifrinn. Bhéarfaí prátaí agus píosa breá de ghé dóbhtha le hithe. Ba léar leis na daoine san am sin gurbh é sin an bricfeasta a b' onóraí a thiocfaí a thabhairt daofa.

**Pisreoga.**

Achar an dá lá dhéag: tuar na haimsire don bhliain a bhí le theacht – achan lá ag tagairt do mhí áirithe sa bhliain a bhí le theacht.

Bhí anamacha na ndaoine a fuair bás le linn an ama seo in ainm a ghabháil dí-





reach chun na bhFlaithis – creideadh go raibh geaftaí na bhFlaithis foscailte le linn na Nollag.

Tuar maith don athbhliain na píobairí teallaigh a chluinstean La Nollag.

Bhí sé ina ghnás acu ar Árainn Mhór sa tsean-am ruball scadáin a chuimilt ar shúile páiste, Oíche Nollag Beag. Bheadh na súile saor ó achan ghalar ó sin go ceann bliana.

In áiteacha sa tír deirtí go raibh sé mí-ámharach dá mbeadh gruaig rua ar do chéad chuairteoir ar La Caille, sin an chéad lá dEanáir agus gurb fhearr cuairte-oir fir ná mná.

Bhí áiteacha fosta nach gcuirtí luaith na tine amach ar Lá Coille – bhíodh eagla orthu go gcaillfeadh siad tairbhe agus rath na bliana dá ndéanfaí amhlaidh. Agus bhí áiteacha fosta nach ligtí im ná bainne amach as an teach.


**Lá Fhéile Stiofáin**: I ndeisceart na tíre san am i láthair téann páistí agus daoine níos sine amach leis an dreoilín. Téann siad thart ó theach go teach leis an dreoilín agus iad ag ceol agus ag damhsa. Sa tseanam bhuailtí cnag ar an doras agus déarfaí a leithéidí seo--- Go mbeannaí Dia anseo isteach, seachas an cat is an madra’. Ansin déarfadh siad:

Dreoilín, dreoilín, rí na n-éan,

Lá Fhéile Stiofáin rugadh é,

Is mór a mhuintir gí beag é féin,

Tabhair dúinn pingin as ucht Dé….



Sin an tuige ar tugadh Lá an Dreoilín ar an lá seo in áiteacha. Bhí an gnás seo go forleathan i Sasana agus sa Fhrainc tráth den tsaol fosta ach char chuala mé go raibh an gnás sin a chleachtadh am ar bith fán taobh seo tíre. Ba ghnách an dreoilín a mharú in áiteacha fosta agus é a ghreamú ar bhata ard le linn dóibh a bheith a thabhairt thart.



**Lá na Leanbh**: (28ú Nollaig). Lá crosanta na bliana, Lá Crosta na Bliana a thugtaí ar an lá seo fosta. Is ar an lá seo a mharaigh Herod na linbh. Deirtear fosta go bhfuil sé mí-ámharach  tús a chur le haon chineál oibre ar an lá seo agus go bhfuil sé mí-ámharach pósadh ar an lá seo fosta.

**Lá Nollag Beag**: seo an chéad lá den bhliain úr. Tugtar Lá Caille, Lá Cinn Bhliana nó Nollaig na mBan ar an lá seo fosta.

**6ú Eanáir:** Críochnaíonn Achar An Dá Lá Dhéag  ar an dáta seo  agus tá áiteacha ann a dtugtar  Lá Nollag Beag ar an lá seo fosta; in áiteacha eile tugtar Lá Nollag na mBan air.

**Seanfhocail  faoin  Nollaig.**

*Nollaig  ghlas reilig mhéith.*

*Nollaig  ghrianmhar a dheineann reilig bhiamhar.*

Creideann  daoine go nglanann sioc agus sneachta an t-aer thar orainn agus go bhfágtar aer folláin againn a choinníonn ar shiúl slaghdán agus aicídeacha. Má bhíonn Nollaig  ghlas, ghrianmhar againn beidh aicídeacha agus bás, rud a fhágann reilig mhéith.

**Fad Coiscéim Coiligh**: Deirtear go mbíonn fad coiscéim coiligh ar an lá ar Lá Coille. ( 1ú Eanáir). Ach cha dtig le duine ar bith a rá cé acu de dhá fhad é sin—an fad ó thógann an coileach a chois go leagann sé é arís 'un talaimh nó cé acu a chuirtear i gcomórtas é le fad choiscéim an choiligh. Níl ceachtar acu rófhada!

*Téann an saol thart mar a bheadh eiteoga air, agus cuireann gach aon Nollaig bliain eile ar do ghualainn.*

*Putóga dubha na bliana, ó Nollaig go Lá Fhéile Bríde.*

*Lá Nollag, lá na mónadh agus Lá Fhéile Mícheáil thall san Fhómhar na trí lá a itheas an bodach a sháith.*

*Is maith an bhliain a dtig Nollaig i dtús gealaí.*



# Féile Chéim Aniar 2018

Bhí Féile Chéim Aniar ar siúl sna Dúnaibh Dé Sathairn 1ú lá de Mhí na Nollag. Ba seo Féile atá ag dul ó neart go neart ó thosaigh sé i 2010.

I 2010 chuir Céim Aniar isteach iarratais fá choinne coirn don Fhéile.

Cúig chorn a fuair muid an bhliain sin. Corn do NB+NM, corn do Rang 1+2, corn do Rang 3+4, corn do Rang 5+6 agus corn don dalta is fearr ó Chéim Aniar. Bhí bonn ór, bonn airgid agus bonn umhaí don ceithre chatagóir fosta. Lean muid ar aghaidh mar sin

## naíonáin bheaga



Clodagh Ní Fhríl, Caiseal (an chéad áit - Corn an Síbín Ceoil), Padraig Mac Niallais, Glasán (an dara háit), Michaela Ní Dhomhnaill, An Tearmann, Cathal Ó Gallchóir, An Tearmann & Ellie Nic a' Phobail, Caiseal (an tríú háit roinnte).

## naíonáin mhóra



Ryan Ó hEarcáin (an chéad ait - Corn Leaslaí U. Lúcas), Noah Alcorn, An Tearmann (an dara háit), Ben Mac Congail, Caiseal, Alana Jijo, Cill Mhic nÉanain, Dominic Ó Gallchóir, An Tearmann & Alanna Jo Nic Eamharcaigh, Glasán (an tríú háit roinnte).

## rang 1



Eimear Ní Shiail, Caiseal (an chéad áit - Corn Óstán na Trá), Danielle Ní Fhríl, Caiseal (an dara háit), Padraig Ó Corcarain, Cill Mhic nÉanáin, Jack Mac Lochlainn, Glasán, Katie Nic Giolla Bhríde, Céim Aniar & Lily Nic Aodha, Carraig Airt (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Seán Ó Gallchóir.

## rang 2



Máire Ní Fhríl, Caiseal (an chéad áit - Corn na Comhairle Contae), Cara Ní Shiom (an dara háit), Cian Mac Suibhne, Céim Aniar, Anraoi Ó Dochartaigh, Caiseal, Ciaran Mac Giolla Chearra, Caiseal & Donagh Ó Docartaigh, Cill Mhic nÉanáin (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Seán Ó Gallchóir.

ar feadh cúpla bliain ach ansin rinneadh an cinneadh nach raibh cothrom na féinne a fháil ag na NB, Rang 1, Rang 3 agus ag Rang 5 siocair iad a bheith istigh le páistí a bhíodh de ghnáth bliain níos sinne na iadsan.

Mar sin chuaigh muid ag lorg urraíochta ó ghnóthaí áitiúla agus tugadh sin dúinn gan buaireamh ar bith.

Tá na huimhreacha don chomórtas ag dul in airde achan bhliain agus i mbliana chuir os cionn dhá chéad (200) páiste a n-ainmneacha isteach le páirt a ghlacadh. Bíonn an caighdeán ard sa chomórtas agus tá muid iontach buíoch do na páistí uilig a ghlac páirt agus do na múinteoirí uilig ó na scoileanna éagsúla ó na ceantracha máguaird a d'ullmhaigh na páistí don lá mór.

## rang 3




Sophie Ní Earraigh, Gaeilscoil Adhamhnain, Leitir Ceanainn (an chéad áit - Corn Óstan Bhá na nDúnaibh), Caitlín Ní Fhríl (an dara háit), Treasa Nic Éiteagáin, An Tearmann, Lucia Ní Chanáin, Cill Mhic nÉanáin & Clíodhna Ní Chonaill, Céim Aniar (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir.

## rang 4




Sean Ó Canáin, Cill Mhic nÉanáin (an chéad áit - Corn Raidió na Gaeltachta), Róisín Ní Fhíoruisce, Glasán (an dara háit), Gráinne Ní Ghallchóir, An Tearmann, Fianna Ní Ghallchóir, An Tearmann & Róise Nic Eachaidh, Cill Mhic nÉanáin (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir.

## rang 5



Mícheál Ó Mórdha, Céim Aniar (an chéad áit - Corn Ros na Binne) , Éabhan Ní Chuinn, Cill Mhic nÉanáin (an dara háit), Meabh Ní Chonaill, Céim Aniar, Gráinne Ní Dhochartaigh, Cill Mhic nÉanáin & Leah De Rosite, Caiseal (an tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir.

## rang 6



Máire Ní Chanáin Cill Mhic nÉanáin (an chéad áit - Corn Ghuth Ghoill), Bríd Nic Éiteagáin (an dara háit), Áine Ní Chonaill, Céim Aniar, Róisín Ní Choinnaith, Cill Mhic nÉanáin & Emma Nic Reannachain, Caiseal (tríú háit roinnte) leis an mholtóir, Noel Ó Gallchóir.



# Ruby McCloy

## Iníon Roibeard an Bháid

Ta an droichead úr, The Harry Blaney Bridge, trasna na Maoil Ruaidhe againn anois le 10 mbliana. Tá sé mar sciathán mór láidir ag ceangal an dá leithinis, Ros Goill agus Fánaid, le chéile. Leis an struchtúr nua aimseartha seo tá dearmad déanta ag daoine ar an dóigh a ndearnadh taisteal sa “tsean am” (suas fhad leis na 1960s). Bhí ceangal i gcónaí idir an dá phobal, go háirithe an taobh thoir agus an taobh thiar den dá leithinis. Bhí sé furasta an turas a dhéanamh i gcurach.

Is beag duine anois a bhfuil cuimhne acu, nó fiú amháin a chuala iomrá ar “Roibeard an Bháid”. Ba McElhinney an sloinneadh a bhí air agus ar feadh cúig ghlúin b’iadsan a bhí i mbun farantóireachta trasna na Maoile Ruaide go Fánaid.

Casadh iníon Roibeard an Bháid, Ruby McCloy, orm le gairid. Bean chríonna, mhacánta shéimh agus bhí comhrá iontach suimiúil agam léithe. Bhí deichniúr sa teaghlach, ceathrar deartháireacha agus seisear deirfiúracha. Ba í an duine ab óige agus an t-aon duine den teaghlach ata fágtha. Rugadh í i Ramhar Ros sa bhliain 1931 agus cé go bhfuil sí seacht mbliana agus ceithre scór níl na blianta ag maolú a spiorad, a misneach nó a hintinn. Tá sí ina cónaí anois i Rath Mealtáin ach tagann sí isteach go Leitir Ceanainn achan Déardaoin agus bíonn lón aicí leana neacht, Alice.

Chuaigh sí go dtí scoil Manor Vaughan ar Eastát Ramhar Ros agus d’fhág sí nuair a bhí sí ceithre bliana déag. Bhí suim mhór i gcónaí aici sa rámhaíocht. Bhí sí ag dul anonn agus anall lena deartháireacha ó bhí sí dhá bhliain déag agus ag ceithre bliana déag bhí sí in ann an bád a iomramh trasna na Maoil Ruaidhe léithe fhéin. D’oibrigh siad mar fhoireann, ag cuidiú lena chéile, go háirithe nuair a bhí an obair maslach. Lean sí den obair seo gur phós sí Samuel McCloy nuair a bhí sí seacht mbliana agus fiche.




Ruby ina déagóir

Tá a cuimhne cruinn géar agus de thairbhe sin tá sí in ann cuntas maith a thabhairt ar shaol sóisialta agus ar ghnó na tuaithe ag an am. Bhí aistear laethúil aicí le fear an phoist, Hughie Mathewson, gach maidin ar a deich a chlog. Is cuimhin léithe fear poist eile, Jimmy Duffy as Achadh an Leataoibh a fuair bás go tragóideach i dtimpiste bóthair agus é ina fhear óg. Bhí ar fhear an phoist dhul go Tír Lachaín ar dtús agus ansin go Achadh an Leataoibh. Rachadh sé ó sin go Ramhar Ros ar a rothar. Bhí ar Ruby é a iomramh trasna na Maoil Ruaidhe. Tháinig an bád i dtír i Leat Beag, áit a bhfuil ceann an droichid úr. Ag feitheamh léithe thall bheadh dream a bhí ag teacht go Carraig Airt lena gcuid siopadóireachta a dhéanamh. Bheadh an dream céanna anonn léithe ar a 12.30 nuair a bhí uirthi fear an phoist a thógáil. De ghnáth ghlac an turas fiche bomaite. Ba trasnú cuarach a bhí i gceist. Síos i dtreo bhéal na Maoil Ruaidhe le trá agus suas i dtreo Bhaile na nGallóglach le líonadh.

I séasúr iascaireacht na scadán bheadh scaifte d'fhir óga amuigh ag caitsireacht agus rachadh duine nó beirt acú I dtólamh anonn go Fánaid. Leagfaí ardáin bhréagacha ag tosach agus ag deireadh an bháid sa dóigh go mbeadh an t- asal in ann siúl isteach. Chuirfí na cléibh lán scadán in íochtar an bháid. Nuair a chuir me an cheist uirthi; " Nár bhog na h-asail?" "Bhí siad rófhalsa le sin a dhéanamh" a dúirt sí. B'fhéidir go raibh an t-asal bocht tuirseach i ndiaidh di siúl as na Dúnaibh le malach trom. Ní rómhinic a fuair an t-asal bocht "lift" áit ar bith. Chuala mé Josie JímíMhící ag rá gur eisean an caitséir deireanach a chuaigh anonn ar an bhád go Fánaid le hasal.

Bhí aonach i gcónaí ar an Chraoslach ar an 10ú lá den mhí agus ba sin lá gnoitheach díthe. Tháinig an scaifte mór anall lena gcuid rothar ar a mbealach na Chraoslaigh. Bhí lá aonaigh mar chruinniú sóisialta-- daoine ag casadh ar a cheile, ag baint suilt as an chomhrá agus an chraic. Bhí feirmeoirí agus lucht déileála eallaigh ansin agus bhí sé tábhachtach do mhuintir na tuaithe a bheith eolach ar an luach a bhí ar ainmhithe. Ar ndóigh bhí gach cineál mangaire lá aonaigh, iad ag díol éadaigh, bróga, buataisí, ropaí, cearca agus lachain, turcaí na Nollag, spéacláirí agus fiú amháin 'rub' do na piantaí sna glúine!

Ma bhí ainmhithe ar an turas anonn nó anall chuirfí adhastar orthu agus greim na ndaoine sa bhád ar cheann an rópa. Bhí siad in ann ceithre ainmhí a thabhairt leo, dhá cheann ag snámh ar gach taobh den bhád. Dúirt sí go raibh ainmhí agus fiche le



Ceann de na bádaí farantóireachta

tabhairt trasna lá amháin do Aindí Phaidraig chuig feirm a bhí glactha aige i bhFánaid. Rinne sí an turas ó am go ham le capall agus dúirt sí nach bhfaca sí ariamh radharc níos áille ná bheith ag amharc ar an chapall ag snámh sa lán mara in aice leis an bhád. B'aille lena croí é agus tar éis na mblianta tá an radharc sin go fóill deimhnithe ina hintinn. Ní raibh meas mór aici ar mhuca, bhí sé doiligh smacht a choinneáil orthu sa bhád. Léim cúpla ceann acu amach san fharraige agus iad a dtabhairt trasna.

Bhí daoine i gcónaí ar lorg damhsaí, fir Fhánada ag dul go halla an Chraoslaigh oíche Dhomhnaigh agus fir Rosgoill ag dul go Fánaid, go Baile Uí Shírín agus uair-eanta go Fán an Bhualtaigh. Dúirt sí gur fir a bhí ag taisteal agus ag seift mar seo, gur fíor annamh a bhí mná sa chomhluadar. Is minic a bhí a mbád fhéin anall le fir Fhánada ach ar a mbealach 'na bhaile is cosúil go dtéadh corr fhear ar seachrán agus go mbeadh an bád imithe ar theacht go Ramhar Ros dóibh. Bhí na daoine seo le fágáil sa bhaile ag a dó nó a trí ar maidin. Ba é a deartháir a dhéanadh an turas seo.

Bhí sé de nós ag scaifte d' fhir Ros Goill dul go Fán an Bhualtaigh chuig damhsa oíche Fhéile Padraig. Nuair a d'fhágadh sí thall iad tráthnóna bhíodh siad cóirithe go maith, culaith ghorm, léine gheal agus tie agus na bróga snasta ag gach fear. Nuair a philleadh siad lá arna mhárach ní raibh an deá-chuma chéanna orthu. Cé acu an t-ólachán nó an troid a rinne an dochar, ní raibh sí cinnte. Bhí an t-éadach stróicthe ar chorr fhearr agus a lán clábar orthu. Bhí ar a máthair cúpla citeal uisce a ghail agus scála nó dhó d'uisce te a fhágáil amuigh dóibh le iad fhéin a ghlanadh suas. Ní raibh deifir 'na bhaile orthu a dúirt sí. D'fhanadh siad go titim na hoíche sa dóigh nach bhfeicfeadh uaisle Charraig Airt iad ar a mbealach na bhaile!

In amanna turas truacánta a bhí ann dóibh. Bhí fear as Dún Dúbhain darbh ainm Mánas Mac Giolla Bhríde ina chónaí lena dheirfiúr Biddy Ann a bhí pósta thall i nGlinsc. Tháinig an bás air ansin agus bhí a chorp le tabhairt anall lena chur i reilig Mhíobhuí. Ba Ruby agus a deartháir a thug an chónair trasna na Maoil Ruaidhe sa bhád. Bhí an lá chomh garbh gaothach sin go raibh orthu an chónair a cheangal síos sa bhád.


Ruby ina cuid fichidí

Rinne mé tagairt cheana féin den lá gnoitheach a bhí acu aonach an Chraoslaigh. Bhí sé mar an gcéanna ar an tríú lá fichead den mhí. Ba sin lá aonaigh Bhaile na nGallóglach. Ansin bhí an naoú lá fichead de Mheitheamh nuair a tháinig scaifte mór trasna chuig rásaí Chreamhghoirt. Ar laethanta gnoitheach mar seo bhí siad in ann ochtar nó naonúr paisinéirí lena gcuid rothar a thabhairt ar gach turas. Rinneadh cruach de na rothair ar an bhád. Bhí ar gach duine a bheith cúramach agus rinne sí an macnamh

nár tharla taisme i rith na nglúnta agus na mblianta a raibh siad i mbun na farantóireachta. 6 pigine a bhí an turas, scilling ma bhí rothar leat.



Ruby ar an chéidh Mhór ag Ramhar Ros

I rith na gcaogaidí ba chuimhin léíthe an moll mór daoine a tháinig anall gach Carghas chuig an mhisean i dteach Pobail Charraig Airt. Ba gnáth leíthe fhéin, a cuid deirfiúracha agus a col ceathracha a dhul, ní de thaibhe creidimh nó cneastacht. Bhí rogha thar barr ar díol ag na stainníní de figearaís nó novelties mar a déaradh an tsean mhuintir ag an am. Rudaí beaga gleoite suaracha cosúil le fáinní, bráisléid láimhe, slabhraí bráid agus greamáin ghruaige ildaite ornáideacha. B'fhéidir gur sin léargas ar shoineantacht aosánaigh na linne sin.



Deirfúir Ruby, Dorothy ag an Chéidh Bheag ag Ramhar Ros

Bhí daoine ag brath ar an bhád le theacht na bhaile i ndiaidh seachtain oibre. Bhí Máire Bn Mhic Éiteagáin ina príomh oide i Scoil Cholum, i mBaile Uí Shírín ó 1962-1966 nuair a bhog sí anall le bheith ina múinteoir i nGort na Bráid. Tháinig sí na bhaile go rialta oíche Aoine. Bhí uirthi a dúirt sí seasacht ag an ché ar an taobh thall agus thiocfaí fa do choinne.

Ba ghnáth leis an Dochtúir McCloskey a ghluaisrothair a thabhairt leis ar an bhád nuair a bhí se ag tabhairt cuairt ar othair a bhí aige i bhFánaid.

Ba mhinic an lucht siúil anonn léíthe. Bhí aithne mhaith aici ar John Harvey, Handsome Paddy agus na Símís. Ba ghnáth leis na Símís diol ar son a dturas le pandaí nó dhó. Bhí daoine eile ag teacht anall a bhí ar a mbealach go Brú na hÓige i dTrá na Rosann.

Chríochnaigh an fharantóireacht ag deireadh na seascaidí.

*Míle buíochas do Ruby a shuigh liom agus a thug an t-eolas seo domh. Fada buan a saol agus a sláinte.*



Ruby lena Garpháistí



# Guímis Nollaig Shona & Athbhliain Faoi Mhaise dár Léitheoirí Uilig

Bá mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh uilig a scríobh píosaí dúinn, a rinne agallamh linn nó a thug pictiúir dúinn i rith na bliana.

Údarás na Gaeltachta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht
AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com